Form Version: 08/2015

SV 1

REGISTER OF ELECTORS

Application for inclusion in the Special Voters List

Please read the notes carefully before completing the form.

Part A - Particulars of Applicant

Name: **(block letters)**							
Address: **(block letters)**							
Eircode:	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Date of Birth:							
Edited Register: If you wish to be **excluded** from the edited Register, please tick (√) the opt out box:							Opt out box ☐
Please tick (√) **one box only** to indicate whether you are:							
• a Citizen of Ireland	☐		• a British citizen		☐		
• a national of another EU Member State (other than UK)	☐		• a national of a non-EU country		☐		

Declaration and Application

I hereby declare that I am unable to go in person to vote at a polling station by reason of a physical illness or physical disability **and that I am ordinarily resident at the above address**. I hereby apply to have my name entered in the special voters list.

Signature or mark of Applicant:	
Date:	
Witness (in case of mark):	
Daytime/Mobile Phone Number:	
E-Mail:	

Part B - Medical Certificate

This part must be completed in the case of a first application and, in the case of subsequent applications, where required by the registration authority.

I hereby certify that the above named applicant has a physical illness or a physical disability, the nature and extent of which are as follows: _____

_____

_____

and for that reason will be unable to go in person to the polling station to vote. The physical illness or physical disability is likely to continue for: _____

_____

Signature of Registered Medical Practitioner:	
Name of Registered Medical Practitioner: **(block letters)**	
Address: **(block letters)**	
Eircode:	☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐
Date:	

NOTES TO FORM SV 1

Application for inclusion in the Special Voters List

1. The purpose of this form is to facilitate voters with a physical illness or physical disability who are ordinarily resident in a hospital, nursing home or similar institution who wish to be included in the special voters list. Special voters are visited by a special presiding officer, accompanied by a member of the Garda Siochána, during elections and referendums and are given the opportunity to vote in their hospital or nursing home. The form is for use in the period 15 February to 25 November each year in respect of the register of electors coming into force the following 15 February. If you wish to be included in the special voters list for an election or referendum taking place before 15 February you should complete form SVS 1.

2. Method of voting

At an election or referendum, a ballot paper will be delivered to each person on this list by a special presiding officer accompanied by a member of the Garda Síochána. Having made a declaration of identity, the elector will mark his or her ballot paper in secret and place it in a sealed envelope, which the special presiding officer will convey to the returning officer for the constituency. The returning officer will deal with it in the same manner as he or she deals with ballot papers returned by postal voters.

3. Who can apply?

You may apply for inclusion in the special voters list if you are living in a hospital, nursing home or similar institution and you are unable to go in person to vote at a polling station by reason of a physical illness or a physical disability which is likely to continue for the duration of the register of electors in respect of which the application is made.

4. Who fills out the application form?

The application form is divided into two parts. The applicant must complete Part A of the form. In the case of a first application, Part B must be completed by a doctor. Part B must also be completed by a doctor in the case of a second or subsequent application, if required by the registration authority.

5. Where do I send the application form?

Completed application forms must reach your registration authority (City, County or City and County Council) not later than **25 November** in any given year if the application is to be considered for the special voters list coming into force on the following 15 February.

6. What happens next?

You will be notified by the registration authority of the decision on your application and, if it is refused, you will be given the reasons for the refusal.

7. Eircode

Eircode is the national postcode system for Ireland and comprises a unique 7-digit postcode which has been allocated to every address in Ireland.

8. Contact details

Your contact details are being sought in case the registration authority needs to contact you to clarify any details of the application.

9. Edited Register - Two versions of the Register

Registration authorities are required to publish two versions of the register - the full register and the edited register. The full register lists everyone who is entitled to vote and can only be used for an electoral or other statutory purpose.

The **edited register** contains the names and addresses of persons whose details can be used for a purpose other than an electoral or other statutory purpose e.g. for direct marketing use by a commercial or other organisation. If you do not want your details to be included on the edited register, you should tick (√) the **opt out box** at section 9 of the form. If you want your registration details to be included (i.e. available for non-statutory uses), you should leave the opt out box blank.

10. It is an offence to fail to give the registration authority or county registrar any information required for the purpose of their duties or to knowingly give false information.

SV 1

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ó thoghthóirí lena n-ainm a áireamh i Liosta na Vótálaithe Speisialta

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

Cuid A – Mionsonraí faoin Iarratasóir

Ainm: **(bloclitreacha)**							
Seoladh: **(bloclitreacha)**							
Eircode:	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Dáta Breithe:							
An Clár faoi Eagarthóireacht: Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√) sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.					Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm ☐		
Cuir (√) **i mbosca amháin** , le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú:							
● Saoránach d'Éirinn	☐		● saoránach Briotanach	☐			
● náisiúnach de Bhallstát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe)	☐		● náisiúnach de thír neamh-AE	☐			

Dearbhú agus Iarratas

Dearbhaím leis seo nach bhfuil mé in ann vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith orm **agus go bhfuil gnáthchónaí orm ag an seoladh thuas.** Déanaim iarratas leis seo m'ainm a chur san áireamh i liosta na bpostvótálaithe speisialta.

Síniú nó marc an Iarratasóra	
Dáta:	
Finné (i gcás ina n-úsáidtear marc)	
Uimhir theileafóin i rith an lae/ Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost:	

Cuid B – Teastas Dochtúra

Ní mór an chuid seo a chomhlánú i gcás an chéad iarratais agus, i gcás iarratas ina dhiaidh sin, má cheanglaíonn an t-údarás clárúcháin amhlaidh.

Deimhním leis seo go bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp ar an iarratasóir thuasainmnithe, agus is mar a leanas cineál agus méid an tinnis nó an mhíchumais sin: _____

_____

_____

agus, ar an ábhar sin, ní bheidh sé/sí in ann dul go pearsanta chun vóta a chaitheamh sa stáisiún vótaíochta: Is dócha go leanfaidh an tinneas coirp nó an míchumas coirp ar aghaidh go ceann: _____

_____

Síniú an Lia-Chleachtóra Cláraithe:							
Ainm an Lia-Chleachtóra Cláraithe: **(bloclitreacha)**							
Seoladh: **(bloclitreacha)**							
Eircode:	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Dáta:							

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM SV 1

Iarratas ó thoghthóirí lena n-ainm a áireamh i Liosta na Vótálaithe Speisialta

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo an bealach a réiteach do vótálaithe a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp orthu a bhfuil gnáthchónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais nó in institiúid eile den chineál sin ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh i liosta na vótálaithe speisialta. Tugann oifigeach ceannais speisialta agus comhalta den Gharda Síochána ina theannta/ina teannta, cuairt ar vótálaithe speisialta le linn toghchán agus reifreann agus tugtar deis dóibh vóta a chaitheamh san ospidéal nó sa teach altranais. Tá an fhoirm seo le húsáid sa tréimhse ó 15 Feabhra go 25 Samhain gach bliain i leith chlár na dtoghthóirí a thiocfaidh i bhfeidhm an 15 Feabhra ina dhiaidh sin. Más mian leat tú a áireamh ar liosta na bpostvótálaithe do thoghchán nó reifreann a thionólfar roimh an 15 Feabhra, ní mór duit an fhoirm SVS 1 a chomhlánú.

2. **Bealach Vótála**

Ag toghchán nó reifreann, déanfaidh oifigeach ceannais speisialta agus comhalta den Gharda Síochána ina theannta/ina teannta páipéar ballóide a sheachadadh ar gach duine ar an liosta. Ar dhearbhú céannachta a thabhairt, marcálfaidh an toghthóir a pháipéar nó a páipéar ballóide faoi rún agus cuirfidh i gclúdach litreach séalaithe é agus tabharfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta chuig ceann comhairimh an toghcheantair é. Pléifidh an ceann comhairimh leis díreach mar a phléann sé/sí le páipéir bhallóide ó phostvótálaithe.

3. **Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur san áireamh i liosta na vótálaithe speisialta má chónaíonn tú in ospidéal, teach altranais nó institiúid den chineál sin agus más rud é nach bhfuil tú in ann vóta a chaitheamh i stáisiún vótaíochta de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith ort, ar tinneas nó míchumas é ar dóigh dó leanúint ar aghaidh ar feadh ré chlár na dtoghthóirí ar ina leith a dhéantar an t-iarratas.

4. Cé a chomhlánaíonn an fhoirm iarratais?

Tá dhá chuid ann san fhoirm iarratais. Ní mór don iarratasóir Cuid A den fhoirm a chomhlánú. I gcás an chéad iarratais, ní mór do dhochtúir Cuid B a chomhlánú. Ní mór do dhochtúir Cuid B a chomhlánú freisin i gcás dara iarratas nó i gcás iarratas dá éis sin má cheanglaíonn an t-údarás clárúcháin déanamh amhlaidh.

5. Cén áit ar ceart dom an fhoirm iarratais a sheoladh?

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte ag d'údarás clárúcháin (an Chomhairle Cathrach, an Chomhairle Contae, agus an Chomhairle Cathrach agus Contae) tráth nach déanaí ná an **25 Samhain** in aon bhliain áirithe le go ndéanfar breithniú ar an iarratas i ndáil le liosta na vótálaithe speisialta a bheidh ag teacht i bhfeidhm ar an 15 Feabhra ina dhiaidh sin.

6. Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d'iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

7. Eircode

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

8. Mionsonraí teagmhála

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

9. An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár

Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár faoi eagarthóireacht. Sa chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Sa **chlár faoi eagarthóireacht**, faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh sa chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√) a chur isteach sa **bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm** ag Cuid 9 den fhoirm. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit ( ) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

10. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.